# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2008**

# STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR I

DÉ MÁIRT, 10 MEITHEAMH 2008 – MAIDIN, 9.30 a.m. - 12.00 p.m.

## ROINN B

**(160 marc)**

- Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
- **CEITHRE** cheist ar bith a fhreagairt.
- Bronnfar marcanna ar leagan amach agus ar chur i láthair mar aon le fóiliónna agus dátaí, de réir mar is cuí.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** | **Is ceist í seo ar Bhuiséad Teaghlaigh.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Nuair a scrúdaigh teaghlach de Búrca a Leabhar Airgid Anailísithe ag deireadh mhí na Nollag 2007, fuair siad amach go raibh difríocht idir a n-ioncam agus a gcaiteachas iarbhír sa dá mhí dhéag agus na figiúirí buiséadaithe (atá ar fáil sa Ráiteas Comparáide Buiséid *ar leathanach 8 de Roinn A*). Na rudaí seo a leanas ba chúis leis an difríocht:

- Mhéadaigh tuarastail theaghlach de Búrca de 4%.
- Tá beirt pháistí sa teaghlach. Mhéadaigh an sochar leanaí míosúil de €20 le haghaidh gach páiste ó 1 Meán Fómhair 2007.
- Ba é an t-ús iarbhír a fuair siad don bhliain ná €180.
- Fuair teaghlach de Búrca €400 nuair a dhíol siad seantroscán.
- Mhéadaigh íocaíochtaí morgáiste de €15 in aghaidh na míosa ó 1 Márta 2007.
- Tá bónas cheal éilimh ag teaghlach de Búrca agus dá bharr sin bhí a n-árachas gluaisteáin 15% níos lú ná mar a bhí buiséadaithe acu.
- €325 a chosain árachas an tí don bhliain.
- Bhí costais tí 7.5% níos mó ná mar a bhí buiséadaithe acu.
- Bhí costais gluaisteáin €375 níos mó ná mar a bhí buiséadaithe acu.
- Bhí costais éadaí agus bróg €300 níos lú ná mar a bhí buiséadaithe acu.
- Bhí costais solais agus teasa 6% níos lú ná mar a bhí buiséadaithe acu.
- Bhí costais sláinte de €2,500 acu mar buaileadh duine de na páistí an-tinn.
- Chosain siamsaíocht €100 in aghaidh na míosa ar an meán ach amháin na trí mhí Meitheamh, Iúil agus Nollaig, nuair a chosain sí €170 ar an meán.
- De bharr bainise, chosain bronntanais €190 sa bhreis.
- Cuireadh na laethanta saoire ar ceal de bharr páiste a bheith tinn.

**(A)** Agus tú ag baint úsáide as an Ráiteas Comparáide Buiséid *ar leathanach 8 de Roinn A,* iontráil na figiúirí cuí sa cholún **'Iarbhír'**.

Taispeáin sa cholún **'Difríocht'** na difríochtaí idir na figiúirí sa cholún **'Iarbhír'** agus na figiúirí sa cholún **'Buiséad'**. Úsáid comhartha **móide** nó **lúide** roimh gach figiúir sa cholún sin.

Nóta: Úsáid an comhartha **'móide'** má tá **'Iarbhír'** NÍOS MÓ ná an figiúir **'Buiséad'**.
Úsáid an comhartha **'lúide'** má tá **'Iarbhír'** NÍOS LÚ ná an figiúir **'Buiséad'**.
Sampla:

| | Buiséad | Iarbhír | Difríocht |
|---|---|---|---|
| | 260 | 200 | - 60 |
| | 470 | 490 | + 20 |
| Iomlán | 730 | 690 | - 40 |

(22)

Freagair na codanna seo a leanas **(B)** agus **(C)** sna spásanna atá curtha ar fáil *ar leathanach 9 de Roinn A.*

**(B)** **(i)** Cén t-airgead tirim deiridh a bhí buiséadaithe i gcomhair dheireadh 2007?

**(ii)** Cé mhéad a bhí buiséadaithe ag teaghlach de Búrca a choigilt i rith na bliana 2007?

**(iii)** Cé mhéad airgead tirim iarbhír a bhí acu ag deireadh 2007?

**(iv)** Luaigh an méid a chaith teaghlach de Búrca de bhreis ar a gcaiteachas buiséadaithe iomlán.

**(v)** Mínigh cúis **amháin** a raibh an t-ús 'Iarbhír' níos lú ná an t-ús 'Buiséadaithe'.

(10)

**(C)** **(i)** Mínigh an téarma 'caiteachas roghnach'.

**(ii)** Mínigh an téarma 'árachas sláinte'.

**(iii)** Tabhair **dhá** shampla de chomhlachtaí a thairgeann árachas sláinte do mhuintir na hÉireann.

(8)

**(40 marc)**

**2.** **Ceist í seo ar Chuntas Club.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Bhí stoc tosaigh de €12,000 ag Club Peile na Cathrach sa bheár ar an 1 Bealtaine 2007.

Seo thíos achoimre ar bhearta airgeadais an Chlub don bhliain dar críoch 30 Aibreán 2008:

| **Fáltais:** | **€** |
|---|---|
| Lató an Chlub | 24,400 |
| Díolacháin sa Bheár | 47,600 |
| Síntiúis | 52,000 |
| | |
| **Íocaíochtaí:** | **€** |
| Pá Giolla Faiche | 22,100 |
| Solas agus Teas | 5,960 |
| Ceannach Tarracóra | 25,000 |
| Ceannacháin don Bheár | 30,960 |
| Árachas | 11,200 |
| Duaiseanna Lató | 8,140 |
| Teileafón | 1,655 |
| Deisiúcháin agus Cothabháil | 17,895 |

Eolas breise ar an 30 Aibreán 2008:

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Stoc sa Bheár | €14,400 |
| (ii) | Solas agus Teas Iníoctha | €345 |
| (iii) | Síntiúis réamhíoctha | €2,500 |
| (iv) | Árachas réamhíoctha | €2,800 |
| (v) | Tarracóir le dímheas de 20%. | |

**(A)** Ullmhaigh:

**(i)** Cuntas Trádála don Bheár don bhliain dar críoch 30 Aibreán 2008.

**(ii)** Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 30 Aibreán 2008.

(28)

**(B)** Ag an CGB (*AGM*), dúirt Máire Ní Chathasaigh, an t-oifigeach club a ullmhaíonn na cuntais, ina tuarascáil bhliantúil go raibh feabhas ar an gcéatadán ollbhrabúis (ollchorrlach) a bhí ag an mbeár i mbliana.

**(i)** Sainaithin an t-oifigeach a ullmhaíonn na cuntais i gclub.

**(ii)** Ríomh an céatadán ollbhrabúis a bhí ag an mbeár.

**(iii)** Mínigh **dhá chúis eile** a n-ullmhódh Máire Ní Chathasaigh tuarascáil bhliantúil.

(12)

**(40 marc)**

**3.** **Ceist í seo a bhaineann le Tosca Táirgthe, Buiséad Náisiúnta agus Deischostas.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** Luaigh agus mínigh na **ceithre** Thoisc Tháirgthe, agus tabhair sampla **amháin** i n**gach** cás. (12)

**(B)** Tugadh na figiúirí seo a leanas ar Lá an Bhuiséid mar réamh-mheastacháin don bhliain 2008:

| **Príomh-mhíreanna Ioncaim agus Caiteachais** | **Figiúirí Measta ina Milliúin €** |
|---|---|
| Fónamh d'Fhiachais | 290 |
| ÍMAT | 2,850 |
| CBL | 1,930 |
| Seirbhísí Sláinte | 1,960 |
| Leas Sóisialta | 1,360 |
| Oideachas | 1,490 |
| Cáin Chorparáide | 260 |
| Dleacht Mháil | 215 |
| Talmhaíocht | 285 |

**(i)** Dréachtaigh an Buiséad Náisiúnta do 2008 ón eolas thuas. Luaigh cé acu Buiséad 'barrachais' nó Buiséad 'easnaimh' é.

**(ii)** Ainmnigh an Roinn Rialtais a bhfuil sé de chúram uirthi Buiséad Náisiúnta na hÉireann a ullmhú.

**(iii)** Mínigh an difríocht idir Caiteachas Caipitil agus Caiteachas Reatha maidir leis an Rialtas. Úsáid sampla **amháin de gach ceann** díobh chun do fhreagra a mhíniú.

**(iv)** Mínigh an téarma 'dleacht mháil'. (24)

**(C)** Mínigh an téarma 'deischostas,' agus tabhair sampla de. (4)

**(40 marc)**

**4.** **Ceist í seo ar Bhaincéireacht.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Tá Seán Ó Murchú ina chónaí i bPáirc na Fuinseoige, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo. Tá Cuntas Reatha aige sa Bhanc AIB, An Meal, Cathair na Mart. Is í uimhir an chuntais ná 17940832 agus is é Cód Sórtála an Bhrainse ná 93-26-05.

**(A)** Go dtí deo, d'íoc Seán a bhillí leictreachais le Cárta Laser (Cárta Dochair). Tá sé socraithe aige iad a íoc le Dochar Díreach as seo amach.

Is í Uimhir a Chuntais BSL ná 753-889-462. Is í a uimhir theileafóin teagmhála ná 087-4536281.

Ar an 5 Meitheamh 2008, chomhlánaigh sé Treoir maidir le Dochar Díreach le haghaidh BSL.

**(i)** Comhlánaigh an Treoir maidir le Dochar Díreach agus tú ag baint úsáide as an doiciméad bán *ar leathanach 10 de Roinn A*.

**(ii)** Mínigh **dhá** dhifríocht idir Dochar Díreach agus Buanordú.

**(iii)** Mínigh cén chaoi a n-oibríonn Cárta Laser (Cárta Dochair).

(17)

**(B)** Tá Seán ag cur isteach iarratais ar iasacht €3,000 chun troscán nua a cheannach.

**(i)** Liostaigh **trí** cheist ábhartha a chuirfeadh an bainisteoir bainc ar Sheán sula dtabharfadh sé an iasacht dó.

**(ii)** Seachas na Bainc Thráchtála, ainmnigh **dhá** shaghas eile institiúid airgeadais a thairgeann iasachtaí do chustaiméirí.

(13)

**(C)** Tá Seán ag dul ar saoire go Ceanada. Téann sé go dtí a bhanc chun €850 a mhalartú ar Dhollair Cheanada agus feiceann sé na rátaí seo a leanas luaite:

| AIRGEADRA | DÍOLANN AN BANC | CEANNAÍONN AN BANC |
|---|---|---|
| Dollar Cheanada | 1.50 | 1.60 |

**(i)** Ríomh an méid iomlán ina Dhollair Cheanada a gheobhaidh Seán ar an €850. Taispeáin do chuid oibre.

**(ii)** Mínigh **dhá** mhodh oiriúnacha íocaíochta, seachas airgead tirim, a d'fhéadfadh Seán a úsáid le haghaidh a chaiteachais i gCeanada.

(10)

**(40 marc)**

**5.** **Ceist í seo a bhaineann le Tomhaltóirí.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Ar an 5 Aibreán 2008, cheannaigh Mairéad Nic Raoghallaigh, an tSráid Ard, Baile an Mhóta, Co. Shligigh, oigheann micreathonnach nua ar €450 ó Dhomhan an Leictreachais Tta, Bóthar an Phoirt, Sligeach. Seachadadh é an lá ina dhiaidh sin, agus nuair a bhain sí úsáid as fuair sí amach nár théigh sé an bia.

Ar an 7 Aibreán 2008, scríobh Mairéad litir chuig Bainisteoir Díolacháin Dhomhan an Leictreachais Tta ag míniú na faidhbe, ag tabhairt fianaise ceannaigh agus ag iarraidh saghas **amháin** cúitimh láithreach.

**(A)** Scríobh an litir a sheol Mairéad chuig Domhan an Leictreachais Tta ar an 7 Aibreán 2008.

(19)

**(B)** **(i)** Mínigh **dhá** shaghas eile cúitimh atá ar fáil do Mhairéad.

**(ii)** Ainmnigh an dlí do thomhaltóirí a bhaineann leis an gcás seo.

**(iii)** Luaigh **dhá** phrionsabal ábhartha den dlí do thomhaltóirí a sáraíodh sa chás seo.

(13)

**(C)** **(i)** Mínigh, le sampla, an téarma ‘tobcheannach’.

**(ii)** Sainaithin **dhá** thréith a bhíonn i dtomhaltóir maith.

(8)

**(40 marc)**

**6.** **Baineann an cheist seo le Daoine ag Obair agus Teicneolaíocht Faisnéise.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Foilsíodh an fógra seo a leanas ar nuachtán:

> **Roy Tta**
> **An Príomhbhóthar**
> **Ceatharlach**
>
> **Foireann do Rannóg Díolacháin ag teastáil**
>
> Bunphá: €425.50 ar 37 uair sa tseachtain
>
> Ragobair agus Fleisc-Am ar fail
>
> Scileanna TF ag teastáil
>
> Taithí ar Scarbhileoga riachtanach
>
> Iarratas scríofa *nó* san r-phost chuig roytta@sipmail.com
>
> Is fostóir comhdheise é Roy Tta

**(A)** **(i)** Mínigh na **sé** théarma san fhógra thuas a bhfuil líne fúthu.

**(ii)** Chuir Seán Mag Uidhir isteach ar an bpost agus sheol sé Curriculum Vitae (CV) ar aghaidh. Liostaigh **trí** phíosa eolais a chuirfeadh Seán ina CV, seachas a ainm, a sheoladh agus a uimhir theileafóin.

(24)

**(B)** D'éirigh le Seán post a fháil le Roy Tta. Mar fhostaí sa Rannóg Díolacháin, is cosúil go mbeidh sé de cheart aige coimisiún a shaothrú. Is minic a fhaigheann fostaithe a bhfuil taithí acu sochar comhchineáil ón gcomhlacht.

**(i)** Mínigh, le sampla i n**gach** cás, na téarmaí 'sochar comhchineáil' **agus** 'coimisiún'.

**(ii)** Mínigh, le sampla, an difríocht atá idir 'obair' agus 'fostaíocht'.

(10)

**(C)** Íocann Roy Tta am go leith ar an gcéad chúig uaire an chloig ragoibre, agus am dúbailte ina dhiaidh sin.

Ríomh ollphá Sheáin má oibríonn sé 49 uair sa tseachtain. Taispeáin do chuid oibre.

(6)

**(40 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD ROINN 'A' A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**